# Muintir an Chláir deighilte

**Ceist 1** Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi dhearcadh mhuintir an Chláir i leith arm Mheiriceá bheith ag baint úsáide as Aerfort na Sionna. Sula bhféachann tú ar an tuairisc pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Cén fáth go mbíonn eitleáin de chuid arm Mheiriceá ag stopadh in Aerfort na Sionna? Cad iad na hargóintí a bheadh ag dreamanna éagsúla i bhfábhar nó i gcoinne an chleachtais?

**Ceist 2** Anois féach ar an tuairisc cúpla uair agus déan iarracht an leagan Gaeilge de na focail seo thíos a aimsiú inti. Ansin cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

An bhfuil mórán díobh ar eolas agat sula bhféachann tú ar an tuairisc?

1. opinion poll _____
2. split _____
3. majority _____
4. if the practice was ended _____
5. the war planes _____
6. landing and taking off _____
7. fuel _____
8. to stretch themselves _____
9. colleagues _____
10. undecided _____

**Ceist 3** Anois féach ar an tuairisc arís agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú. Ansin pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

1. Cén t-eolas a bhí á lorg ag TG4 agus TNS/MRBI nuair a rinne siad pobalbhreith i gCo. an Chláir?

2. Cén fáth go stopann eitleáin chogaidh ó Stáit Aontaithe Mheiriceá in Aerfort na Sionna?

3. Cé mhéad saighdiúir Meiriceánach atá imithe tríd an aerfort gach bliain le trí bliana anuas?

4. Cad a deir rialtas na hÉireann faoin scéal?

5. Cén toradh a bhí ar an bpobalbhreith? Cé hiad na dreamanna atá i bhfábhar an chleachtais agus cé atá ina choinne?

6. Cad é an rud is spéisiúla a thaispeán an pobalbhreith, dar leis an tuairisceoir?

7. Cén t-imní a bheadh ar mhuintir an Chláir dá gcuirfí cosc ar an heitleáin ó thuirlingt?

**Ceist 4** ‘*Líontar* le breosla iad ar an mbealach go dtí an Iaráic agus *tugtar* deis do na saighdiúirí iad féin a shearradh.’

Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis na focail i gcló iodálach thuas? Pléigh iad leis an duine in aice leat. Muna bhfuil sibh cinnte cabhróidh an teagascóir libh.

Anois críochnaigí na habairtí thíos. Beidh oraibh an focal idir lúibíní a athrú.

1. I gcúrsaí ollscoile sa Ghaeilge, _____ níos mó béime ar an ngramadadh ná ar an gcaint. (cuir)

2. Gach Céadaoin agus Sathairn _____ a lán ticéad don Chrannchur Náisiúnta. (díol)

3. _____ geataí na páirce poiblí gach lá ar a sé a chlog. (dún)

4. _____ níos mó deochanna meisciúla in Éirinn ná mar a déantar in a lán tíortha eile. (ól)

5. Gach bliain _____ bagáiste i ngach aerfort sa domhan. (caill)

**Ceist 5** **‘**Dá ndiúltófaí cuidiú le cogadh Mheiriceá, bheadh postanna i gContae an Chláir i mbaol.’

An féidir libh an dá cholún thíos a cheangal?

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1 | Dá gcuirfí an dlí ar níos mó daoine… | a | ní bheadh daoine ar thralaithe in áit leapacha. |
| 2 | Dá gcaithfí níos mó airgid ar ospidéil na tíre… | b | ní bheadh an oiread fadhbanna sláinte ann. |
| 3 | Dá gceadófaí do pháistí a rogha rud a dhéanamh… | c | ní bheadh an toradh cinnte. |
| 4 | Dá n-íosfaí bia níos sláintiúla sa tír seo… | d | ní bheadh an oiread sin timpistí ar na bóithre. |
| 5 | Dá n-eagrófaí olltoghchán amárach. | e | ní bheadh ord ná eagar sa seomra ranga. |

**Ceist 6** Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa: Cén fáth, dar libh, nach dteastaíonn ó mhóramh de mhuintir an Chláir go mbeidh arm Mheiriceá ag baint úsáide as Aerfort na Sionna? Cad é bhur dtuairim féin faoin scéal?

## Treoracha agus Freagraí

### Ceist 1

Tá an plé seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

### Ceist 2

Is féidir iarraidh ar na mic léinn triail a bhaint as na focail ar dtús sula bhfeiceann siad an tuairisc agus ansin arís agus an tuairisc ar siúl.

1. pobalbhreith
2. scoiltithe
3. tromlach/móramh
4. dá gcuirfí deireadh leis an gcleachtas
5. na heitleáin chogaidh
6. ag tuirlingt agus ag éirí
7. breosla
8. iad féin a shearradh
9. comhghleacaithe
10. idir dhá chomhairle

### Ceist 3

1. Bhí siad ag iarradh fáil amach cén dearcadh atá ag muintir an Chláir faoin úsáid a bhaineann arm Mheiriceá as Aerfort na Sionna.

2. Liontar le breosla iad ar an mbealach go dtí an Iaráic agus tugtar deis do na saighdiúirí iad féin a shearradh.

3. Breis agus 300,000 saighdiúir atá imithe tríd an aerfort chuile bhliain le trí bliana anuas.

4. Deir an rialtas gur cuid den chairdeas agus den chúirtéis idir comhghleacaithe atá ann agus cleachtas seanbhunaithe a théann siar go dtí an chéad chogadh in aghaidh Saddam Hussein i dtús na naochaidí agus roimhe sin.

5. Tá muintir an Chláir scoiltithe faoin ábhar. Creideann 48% díobh nár chóir arm Mheiriceá a scaoileadh isteach san aerfort níos mó. 43% atá i bhfábhar an chleachtais mar atá, agus tá 9% den 500 duine a cheistigh Nuacht TG4 idir dhá chomhairle. Mná agus daoine sna tríochaidí agus lucht baile mór is mó atá in aghaidh na n-eitleán ag tuirlingt. Is iad lucht tacaíochta Shinn Féin, Pháirtí an Lucht Oibre agus Chomhaontas Glas is mó atá ag iarradh cosc a chur ar na heitleáin.

6. Díol spéise é an difear i bhFianna Fáil. Tá 60% den dream a sheasann le Brendan Daly ag iarraidh go n-athrófaí an polasaí i leith na Stáit Aontaithe sa tSionnainn. Ach tá tromlach mhuintir Tony Killeen ag iarraidh go leanfaidh cúrsaí mar atá.

7. Tá imní orthu go gcaillfí postanna sa réigiún dá gcuirfí cosc ar na heitleáin.

**Ceist 4**

An briathar saor san aimsir laithreach atá i gceist anseo.

1. cuirtear
2. díoltar
3. dúntar
4. óltar
5. caillteear

**Ceist 5**

1d, 2a, 3e, 4b, 5c

**Ceist 6**

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

**Eimear Ní Chonaola**

Léiríonn pobalbhreith de chuid Nuacht TG4 agus TNS/MRBI go bhfuil an pobal i gContae an Chláir scoiltithe faoin úsáid a bhaineann arm Mheiriceá as Aerfort na Sionna. Ní aontaíonn tromlach na ndaoine leis an leas a bhaineann saighdiúirí na Stáit Aontaithe as an aerfort cé go bhfuil imní orthu faoi na postanna a chaillfí dá gcuirfí deireadh leis an gcleachtas. Tá tuairisc ag Maolra Mac Donnchadha.

**Maolra Mac Donnchadha**

Chuile lá san aer, de ló is d'oíche, bíonn na heitleáin chogaidh ag tuirlingt is ag éirí. Líontar le breosla iad ar an mbealach go dtí an sléacht san Iaráic agus tugtar deis do na saighdiúirí iad féin a shearradh. Breis agus 300,000 saighdiúir atá gaibhte tríd an aerfort chuile bhliain le trí bliana anuas – cuid den chairdeas agus den chúirtéis idir comhghleacaithe a deir an rialtas agus cleachtas seanbhunaithe a théann siar go dtí an chéad chogadh in aghaidh Saddam Hussein tús na naochaidí agus roimhe sin. Ach tá an pobal áitiúil, muintir an Chláir, scoiltithe faoin ábhar.

Creideann an mhórchuid, 48% díobh, nár chóir arm Mheiriceá a scaoileadh ann níos mó. 43% atá i bhfábhar an chleachtais mar atá, agus 9% den 500 duine a cheistigh TG4 san áit le coicís idir dhá chomhairle. Cuid suntais gur mná agus daoine sna tríochaidí agus lucht baile mór is mó atá in aghaidh na n-eitleán ag tuirlingt. Mar a bheifí ag súil leis, is iad lucht tacaíochta Shinn Féin, Pháirtí an Lucht Oibre agus Chomhaontas Glas is mó atá ag iarraidh cosc a chur ar na heitleáin. Ach díol spéise é an difear i bhFianna Fáil. Tá 60% den dream a sheasann le Brendan Daly ag iarradh go n-athrófaí an polasaí i leith na Stáit Aontaithe sa tSionnainn. Ach tá tromlach mhuintir Tony Killeen ag iarradh go leanfaidh cúrsaí mar atá. Tá an pobal seo deighilte mar sin faoi lámh láidir Mheiriceá sa domhan mór.

Ach is cúrsaí níos gaire do bhaile atá i mbarr aigne acu. Dúirt an ¾ cuid de mhuintir Chontae an Chláir go mbeadh an áit thíos leis dá ndiúltófaí cuidiú le cogadh Mheiriceá. Chaillfí postanna sa réigiún a dúirt daoine, chaillfí go leor postanna a dúirt an tríú cuid díobh. Ach ina dhiaidh sin féin, tá móramh sa chontae a deir gur chóir cosc a chur ar na heitleáin.

Maolra Mac Donnchadha, Nuacht TG4